# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# AN GARDA SÍOCHÁNA

## Ag Coinneáil Daoine Sábháilte ar feadh 100 Bliain



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL PHLEAN PÓILÍNEACHTA 2022

garda.ie

2022

PÓILÍNEACHT NÁISIÚNTA

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Colún: Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach**<br><br>**2.1 Freagairtí réamhghníomhacha faoi stiúir faisnéise a sholáthar i leith coireacht ardmhiniciúochta.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Leanadh go rathúil le hoibríochtaí mórscála, cosúil le hOibríocht Thor, a dhírigh ar bhuirgléireacht, agus Oibríocht Tara, a dhírigh ar líonraí gáinneála ar dhrugaí in 2022 le tacaíocht ó anailísithe Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána (GSAS).<br>Anuas air sin, sholáthair GSAS eolas míosúil ar fheidhmíocht phóilíneachta agus ar threochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn chun tacú le gníomh i leith príomhthionscnaimh phóilíneachta, athruithe ar bhéim phóilíneachta agus ar luath-idirghabháil.<br><br>Díríodh in 2022, faoin sprioc seo, ar chumas eagraíochta a fhorbairt chun tabhairt faoi anailísíocht thuarthach chun tacú le freagairtí póilíneachta. Is éard a bhain leis seo ná anailísithe a earcú, agus soláthar agus oiliúint ar bhogearraí nua-aimseartha anailíseacha. |
| **Colún: Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach**<br><br>**2.2 Dul i ngleic le méaduithe a tháinig le déanaí ar chalaois agus ar choireanna cibearchumasaithe**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Tuairiscíodh méaduithe ar chalaois, calaois dhigiteach go príomha, ó 2020 ar aghaidh. Chun dul i ngleic leis an treocht seo, rinneadh oibríochtaí iolracha chun díriú ar chalaois agus ar choireacht chibearchumasaithe a thabhairt chun cinn in 2022, agus tugadh le fios go raibh an rath geal orthu i gcaitheamh na bliana. Anuas air sin, soláthraíodh comhairle spriocdhírithe um chosc na coireachta trí fheachtais mheán agus idirchaidreamh le páirtithe leasmhara ábhartha san earnáil phoiblí agus phríobháideach.<br><br>Cuireadh feabhas ar chumas a imscrúdú ar fud na heagraíochta trí thacaíocht a sholáthar d'imscrúduithe ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch agus trí oiliúint, ar limistéir cosúil le castachtaí an sciúrtha airgid agus na coireachta airgeadais.<br><br>Níorbh fhéidir aon Mhoil Chibearchoireachta bhreise a bhunú in 2022 mar gheall ar shrianta cóiríochta, ach thosaigh na ceithre shaoráid a bunaíodh roimhe seo ag dul i ngleic leis an riaráiste gléasanna a urghabhadh, áfach, a laghdaíonn an baol a bhaineann leis an bhfad ama chun imscrúduithe ábhartha a chríochnú. |
| **Colún: Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach**<br><br>**2.3 Clár píolótach an Chreata Náisiúnta Faisnéise Coiriúla agus an Measúnú ar Bhagairt na Tromchoireachta Eagraithe a chríochnú agus a athbhreithniú agus plean a fhorbairt lena dtabhairt isteach go leanúnach.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC GO PAIRTEACH ◗ | Cabhraíonn an Creat Náisiúnta Faisnéise Coiriúla le róil agus próisis a shainiú maidir le faisnéis a láimhseáil agus cinntí a dhéanamh ar fhaisnéis a bailíodh faoi dhaoine nó faoi ghrúpaí spéise a bhfuil baint acu i ngníomhaíocht choiriúil. Baineadh triail phíolótach as agus rinneadh measúnú ar shamhail atá ailínithe le hathstruchtúrú Shamhail Oibriúcháin an Gharda Síochána in 2022, agus tá breithniú á dhéanamh faoi láthair ar mholtaí agus ar phleananna do thabhairt isteach breise.<br><br>Bhain an Garda Síochána triail phíolótach as agus rinne siad measúnú ar an Uirlis Mheasúnaithe ar an mBagairt a Chruthaíonn Grúpaí Coireachta Eagraithe. Bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, úsáideann an uirlis faisnéis a bailíodh le leibhéil riosca a shannadh do ghrúpaí spéise, agus cabhraíonn sí leis an nGarda Síochána bainistiú a dhéanamh ar acmhainní agus beartú tosaíochta a dhéanamh i dtaobh coireacht eagraithe. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
| --- | --- |
| **Colún: Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach**<br><br>**2.4 Cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | I gcomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, lean an Garda Síochána le hoibríochtaí a thabhairt chun cinn go rathúil a dhíríonn ar Ghrúpaí Coireachta Eagraithe (GCEanna) atá ag oibriú in Éirinn. Leagadh béim ar leith ar chomhoibriú tríd an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), príomhionstraim bhuan AE do chomhoibriú struchtúrach ildisciplíneach chun coireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach a chomhrac.<br><br>Tugadh oibríochtaí chun cinn a dhíríonn ar chalaois Phas, daoine a fhostú atá sa stát go neamhdhleathach, cáipéisí taistil bréagacha a dháileadh, gáinneáil ar dhaoine, anuas ar sciúradh airgid, calaois, agus trádáil i ndrugaí. |
| **Colún: Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha**<br><br>**3.1 Ár gcumas a fheabhsú tacú le híospartaigh foréigin teaghlaigh, srianadh comhéigneach san áireamh, agus béim ar leith ar chur leis an dul chun cinn a rinneadh faoi Oibríocht Faoiseamh agus na hAonaid Seirbhísí Cosanta Roinne a thabhairt isteach.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Dhírigh an Garda Síochána go mór le blianta beaga anuas ar dhrochíde sa teaghlach agus ar chionta gnéasacha. Bunaíodh Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne fud fad na tíre agus tá siad á n-athbhreithniú faoi láthair le hoiliúint agus soláthar acmhainní cuí a chinntiú. Leantar ag tacú le híospartaigh trí leanúint d'ardleibhéil de theagmháil chomhsheasmhach a dhéanamh agus cur chuige caighdeánaithe i leith measúnú riosca tríd an Uirlis Measúnaithe Riosca Drochíde sa Teaghlach a thabhairt isteach. Cuireadh feachtais feasachta, 16 Lá de Ghníomhaíochas in aghaidh Foréigean Inscnebhunaithe agus 'Cógaslann Shábháilte' ar bun i gcaitheamh na bliana chun tacú le híospartaigh agus iad a spreagadh cabhair a lorg trí réimse roghanna ildisciplíneacha tuairiscithe. |
| **Colún: Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha**<br><br>**3.2 Cur i bhfeidhm córas tomhais thorthaíbhunaithe a leabú do chionta gnéasacha, anuas ar thuairisciú caighdeánach staitistiúil a dhéanamh ar an gcoireacht.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Cuireadh clár píolótach chun cinn i rith 2022 le sraith chaighdeánach cúiseanna a dhearadh nár lean teagmhas ar aghaidh le haghaidh ionchúisimh. Cé gur beartaíodh i dtosach gan ach cionta gnéasacha a chur i gcuntas, rinneadh an clár píolótach a fhairsingiú in 2022, bunaithe ar aiseolas dearfach ó chomhaltaí an Gharda Síochána leis an réasúnaíocht i measc na saghsanna ciona go léir a chur san áireamh. Úsáidfear tuiscint níos doimhne ar na cúiseanna nár lean teagmhas ar aghaidh chun ionchúisimh le heolas níos mionsonraithe a sholáthar d'íospartaigh faoi theagmhas, agus le heolas a sholáthar i gcomhthráth do threoirlínte breise beartais, reachtaíochta agus tacaíochta d'íospartaigh. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Colún: Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha**<br><br>**3.3 A chinntiú go soláthraítear tacaíochtaí cuí d'íospartaigh agus do dhaoine leochaileacha a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána, agus breithniú á dhéanamh ar mholtaí neamhspleácha agus ar aiseolas inmheánach agus seachtrach**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Lena chinntiú go soláthraítear tacaíochtaí cuí d'íospartaigh agus do dhaoine leochaileacha a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána, rinneadh ríomhfhoghlaim a fhorbairt, ina dtugtar cuntas ar fhreagrachtaí agus ar chearta íospartach laistigh den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, a thabhairt chun cinn i gcaitheamh na bliana. Déanfar an ríomhfhoghlaim seo a chur i gcrích agus a thabhairt isteach san eagraíocht a luaithe a dhéantar na cáipéisí ábhartha beartais agus nóis imeachta a fhaomhadh agus a scaipeadh. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh ar fud na tíre i leith riachtanais oiliúna idir an dá linn.<br><br>Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an eagraíocht ar litreacha na nÍospartach le feabhas a chur ar an saghas eolais a sholáthraítear ar bhealach atá níos éasca le húsáid.<br>Cuireadh tograí chun cinn freisin chun Aipeanna Idirchaidrimh le hÍospartaigh a fhorbairt a chuirfeadh feabhas ar mhéid agus ar luas an eolais atá ar fáil do líon mór íospartach.<br><br>Níor lean an Garda Síochána le hidirchaidreamh a dhéanamh le FSS agus leis an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc i dtaca leis an bprótacal reatha comhoibrithe maidir le Bás ag Féinmharú Amhrasta. |

## SLÁNDÁIL AGUS FAISNÉIS NÁISIÚNTA

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Colún: Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint**<br><br>**4.2 Leanúint de bheith ullamh d'Éigeandálaí Móra (MEM) trí rannpháirtíocht leanúnach i struchtúir idirghníomhaireachta MEM agus feasacht ar MEM sa Gharda Síochána a chur chun cinn.** | Lean an fhreagairt do Covid-19 a chomhordú agus an baol féideartha de bheith ar an gclár bainistíochta móréigeandála don Gharda Síochána in 2022. Anuas air sin, thit roinnt cleachtaí idirghníomhaireachta amach lena chinntiú go rabhthas ullamh do shaghsanna éagsúla d'éigeandálaí móra cosúil le tubaistí nádúrtha agus oibríochtaí tarrthála. Ghlac an Garda Síochána páirt i roinnt idirchaidreamh idirghníomhaireachta agus feachtais feasachta.<br><br>Chuir an Garda Síochána tús athuair chomh maith le hoiliúint ar Ábhair Cheimiceacha, Bhitheolaíocha, Raideolaíocha agus Núicléacha (CBRN) le leanúint de leibhéil dhóthanacha d'fhreagairt a sholáthar i gcás teagmhais den saghas sin. |

## SÁBHÁILTEACHT PHOBAIL

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Colún: An Pobal**<br><br>**1.1 Cur chuige réamhghníomhach i leith réiteach faidhbe a fhorbairt lenár bpobail tríd an gCreat Póilíneachta Pobail a athbhreithniú agus a thabhairt isteach go leanúnach.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC GO PAIRTEACH | Cuireann an Creat Póilíneachta Pobail struchtúr ar fáil d'Fhoirne Póilíneachta Pobail (CPTanna) agus sainítear ann córais agus struchtúir thacaíochta do na foirne siúd ar bhonn roinne agus náisiúnta araon ina gcuirtear an phóilíneacht phobail i gceartlár na heagraíochta.<br><br>Rinneadh gach Roinn a mhapáil isteach in earnálacha ina sannfar Garda Pobail, agus críochnaíodh an cleachtadh mapála seo roimh an sceideal. Sainaithníodh 10 Roinn leis an gcreat a chur i bhfeidhm iontu in 2022, agus thacaigh cuir i láthair leis an mbainistíocht shinsearach agus oiliúint don phearsanra ainmnithe leis an tabhairt isteach. Cuireadh cruinnithe faisnéise ar bun leis an mbainistíocht shinsearach agus sainaithníodh seacht as na 10 Roinn, agus tugadh faoi oiliúint don phearsanra ainmnithe i naoi gcinn de na 10 Roinn.<br><br>Forbraíodh modúil oiliúna an Chreata Póilíneachta Pobail in 2022 agus tá siad ar fáil do chomhaltaí uile an Gharda Síochána ar Chóras Bainistíochta Foghlama an Gharda Síochána. Tugtar le fios sna rátaí oiliúna náisiúnta gur chríochnaigh thart ar 54.45% de chomhaltaí an Gharda Síochána a leithdháileadh mar Ghardaí Pobail an cúrsa amhail an 2 Nollaig 2022. Rinneadh samhail SARA (Scan, Anailísigh, Freagair, Measúnaigh) de réiteach faidhbe pobail a fhorbairt agus a chomhaontú le páirtithe leasmhara agus le grúpaí pobail. Tá an tsamhail seo ar fáil mar oiliúint do Ghardaí Pobail agus cuireadh cruinnithe faisnéise ar siúl chomh maith do roinnt Comhchoistí Póilíneachta áitiúla in 2022. |
| **Colún: An Pobal**<br><br>**1.2 Idirchaidreamh le pobail leochaileacha agus mhionlaigh a neartú le tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais phobal leochaileach agus phobail mhionlaigh, d'oibrigh an Garda Síochána le grúpaí ionadaíocha le feasacht chultúrtha agus oiliúint ar choireacht fuatha a shainaithint a fhorbairt. Tugadh oiliúint ar Choireacht Fuatha isteach, agus bhain an t-ábhar le hagallaimh le híospartaigh agus grúpaí tacaíochta, a chinntigh go raibh feasacht ar na héifeachtaí diúltacha ar phobail.<br>Forbraíodh an chéad chéim eile d'oiliúint, feasacht chultúrtha, in 2022 agus tabharfar isteach é i measc phearsanra an Gharda Síochána in 2023. Cuireadh oiliúint ar fáil chomh maith i gcaitheamh na bliana d'Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána. Tá 465 Oifigeach Éagsúlachta Garda ann faoi láthair ar fud na tíre.<br><br>Lean an Garda Síochána le hionadaíocht a sholáthar ag imeachtaí agus idirchaidreamh éagsúil i gcaitheamh na bliana, agus plé agus cairdiúlacht chomhaltaí an Gharda Síochána á gcur chun cinn agus ár n-idirchaidreamh le pobail leochaileacha agus mhionlaigh a neartú. Bhí seo an-soiléir nuair a cuireadh an tacaíocht san áireamh a tugadh do dhídeanaithe ón Úcráin i rith 2022, tráth a cuireadh meáin um chosc na coireachta agus treoir ar fáil a fhaide le tacaíochtaí.<br><br>Thit obair amach chomh maith i gcaitheamh na bliana leis an gcéad Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe a fhorbairt. Leanfaidh seo ar aghaidh in 2023. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Colún: An Pobal**<br><br>**1.3 Leanúint ag tacú le daoine a thuairiscíonn Coireacht Fuatha trí fheasacht laistigh den Gharda Síochána agus de phobail a bhíonn thíos leis a mhéadú.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Tugadh oiliúint Ríomhfhoghlama ar Choireacht Fuatha isteach in 2022 ar fud na heagraíochta, a forbraíodh i gcomhar le Facing Facts/CEJI agus Líonra na hÉireann i gcoinne an Chiníochais. Cabhraíonn an oiliúint le feasacht a chinntiú nuair a dhéantar coireanna atá spreagtha ag fuath, agus na tionchair dhíobhálacha a d'fhéadfadh seo a imirt ar dhaoine aonair, teaghlaigh agus pobail a shainaithint agus a chur i dtaifead. Bhí an oiliúint seo déanta ag níos mó ná 80% den eagraíocht ag deireadh na bliana.<br><br>Cuireadh claonadh a bhaineann le fuath san áireamh mar spreagadh do theagmhais a cuireadh i dtaifead agus foilsíodh an chéad bhliain de staitisticí i lár 2022. Le feabhas breise a chur ar choireanna fuatha a thabhairt le fios, forbraíodh foirmeacha atreoraithe tríú páirtí lena ligean d'íospartaigh teagmhais a sheoladh ar aghaidh trí ghrúpaí tacaíochta éagsúlachta.<br><br>Leanann an Garda Síochána ag oibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt i dtaca leis an Dréacht-Bhille um Cheartas Coiriúil (Coireacht Fuatha), 2021. Tacóidh an t-idirchaidreamh seo le píosa cothrom reachtaíochta a fhorbairt ina léirítear eispéiris saoil daoine a n-imríonn coireanna fuatha tionchar orthu, agus cinnteoidh sé i gcomhthráth go bhfuil sé éifeachtach i dtaobh ciontuithe a bhaint amach d'ionchúisimh coireachta fuatha. |
| **Colún: An Pobal**<br><br>**1.4 Leanúint le gáinneáil ar dhrugaí agus an díobháil a chomhrac a chruthaíonn mangaireacht drugaí i bpobail. relation to policing of Covid-19.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | I rith 2022, rinne an Garda Síochána idirchaidreamh le comhpháirtithe mar an phríomhghníomhaireacht ar roinnt gníomhartha faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2017- 2025. I measc na ngníomhartha bhí; bearta forbartha acmhainne chun tacú le ról údaráis forfheidhmithe dlí i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí drugaí etc., an Clár Tuairiscithe um Imeaglú Bainteach le Drugaí (DRI); agus breithniú a dhéanamh ar chur chuige eile i leith drugaí a shealbhú d'úsáid phearsanta.<br><br>Anuas ar dhíriú ar líonraí gáinneála ar dhrugaí agus iad a chur as riocht, dhírigh an Garda Síochána ar imeaglú bainteach le drugaí in 2022 agus ar an díobháil a cruthaíodh i bpobail. Déantar gach teagmhas ina bhfuil imeaglú bainteach le drugaí ina ghné spreagtha a bhainistiú trí Oibríocht Tara. Tá Cigire Garda ainmnithe freisin i ngach Roinn an Gharda Síochána chun freagairt don tsaincheist um Imeaglú Bainteach le Drugaí agus chun cabhrú leis an gClár Tuairiscithe um Imeaglú Bainteach le Drugaí (DRI) a bhainistiú. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála do Chigirí Imeaglaithe Bainteach le Drugaí ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána<br><br>D'oibrigh an Garda Síochána chomh maith i gcaitheamh na bliana le Tionscadal DRIVE (Imeaglú Bainteach le Drugaí agus Dul i nGleic le Foréigean), a bunaíodh go luath in 2022 a thabharfar isteach i ngach limistéar Réigiún agus Áitiúil Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil ar fud na tíre. Thug coiste DRIVE faoi phróiseas oideachais um thabhairt isteach go náisiúnta agus chuaigh sé i gcomhairle go rialta leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí comhpháirtithe cosúil le FSS, agus institiúidí a chabhraíonn le taighde. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
| --- | --- |
| **Colún: Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha**<br><br>**3.4 Leanúint le hiompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Tá an Garda Síochána tiomanta do thacú le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtas 2021-2030 “Ár nAistear i dtreo Fís Básanna ar Bith (Vision Zero)” agus tá an dul chun cinn á dhéanamh againn lenár spriocanna a bhaint.<br><br>Ghlac an Garda Síochána le cur chuige nua i dtreo an Phlean Oibríochtaí um Póilíniú Bóithre Náisiúnta (RPOP) a chur i bhfeidhm in 2022. Plean bliantúil a bhíodh ann ach plean ráithiúil atá ann anois, ar a ndéantar athbhreithniú agus measúnú seachtainiúil. Léirítear sa Phlean treochtaí i dtaobh gortú trom agus imbhuailtí marfacha um thrácht ar bhóithre, dul i ngleic le hiompar ardriosca a sainaithníodh, agus amanna nó áiteanna baoil d’úsáideoirí bóithre. Cuirtear an RPOP ar siúl i gcomhthráth le hOibríocht Teorainn, ár n-oibríocht ard-infheictheachta forfheidhmithe póilínithe bóithre, a dhíríonn ar phríomhchionta tarrthála. Tugadh faoi oibríochtaí agus athbhreithnithe spriocdhírithe ar an RPOP in 2022 bunaithe ar threochtaí a sainaithníodh trí anailís sonraí.<br><br>Lean an Garda Síochána lenar dteachtaireachtaí meán um shábháilteacht ar bhóithre a ailíniú le teachtaireachtaí an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus oibríochtaí agus treochtaí forfheidhmithe in iompar baolach ar bhóithre á gcur san áireamh. Forbraíodh feachtais mheán i rith 2022, i dteannta gníomhaíochtaí forfheidhmithe le hiompar sábháilte ar bhóithre a chinntiú.<br><br>Sheol an Garda Síochána an gléas tástála drugaí nua DrugWipe 6S i ráithe 4 2022. Is féidir le DrugWipe póca tástáil a dhéanamh ar channabas, cócaon, codlaidínigh, beinsidhé-asaipíní agus amfataimíní (meitiolamfataimínagus MDMA san áireamh) agus soláthraítear torthaí go mear cois bóthair. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Cumasóir: Comhpháirtíochtaí**<br><br>**E2.1 Idirchaidreamh leanúnach le comhpháirtithe chun leanúint le cur chuige ildisciplíneach a fhorbairt.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Tugadh roinnt tionscadal chun cinn faoin sprioc seo i rith 2022, chun tacú le forbairt leanúnach ar chur chuige ildisciplíneach. Bunaíodh cláir phíolótacha de Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúla i Ranna an Gharda Síochána i RCBÁC Thuaidh-Lár, Port Láirge agus an Longfort agus lean iad seo ag casadh lena chéile i rith 2022.  Beidh ionadaithe áitiúla sna comhpháirtíochtaí seo ó ghníomhaireachtaí stáit agus ó chomhlachtaí pobail. Chun tacú le hobair na gclár píolótach, rinne an Garda Síochána idirchaidreamh leis an Roinn Dlí agus Cirt i rith 2022 le meicníochtaí cuí roinnte sonraí a fhorbairt agus treoirlínte tuairiscithe a bhunú.<br><br>Tá súil leis go dtosófar le tuairisciú foirmiúil in 2023. Tá comhghrúpa stiúrtha á thabhairt chun cinn ag clár píolótach Foirne Tacaíochta Rochtana Pobail idir Roinn an Gharda Síochána i Luimneach agus FSS an Mheán-Iarthair. Is é cuspóir an chláir phíolótaigh seo sainaonad an Gharda Síochána a chruthú a oibreoidh i gcomhar le gairmithe sláinte le freagairt mhear agus chomhtháite 24/7 a sholáthar do dhaoine a bhfuil saincheisteanna sláinte acu. Tá creat i dTogra an Tionscadail de thrí cholún an chláir phíolótaigh; Láimhseáil Glaonna ar Rialú Gluaiseachta Feithiclí, Foireann Tacaíochta Ilghníomhaireachta, agus Moil Tacaíochta. Cheadaigh an Garda Síochána agus FSS an togra go foirmiúil in 2022. Ceadaíodh Cáipéis Tionscanta an Tionscadail ina leagtar amach an plean le haghaidh cur i bhfeidhm ina iomláine, le haghaidh cur i bhfeidhm i rith 2023. Leanann an Garda Síochána ag oibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le hÓgchiontóirí agus Ciontóirí Fásta a Bhainistiú, anuas ar Iompar Frithshóisialta.<br><br>Cuireadh gníomhartha a cuireadh faoi chúram fóram náisiúnta don Gharda Síochána chun cinn i gcaitheamh na bliana chun cabhrú le dul i ngleic hiompar frithshóisialta. Ina measc seo bhí Straitéis um Shábháilteacht Tuaithe 2022-2024 a fhorbairt, a seoladh i Meán Fómhair 2022, chomh maith le hoibríochtaí infheictheachta maidir le saoirí poiblí chun iompar frithshóisialta a laghdú.<br><br>I dtaobh bainistíocht ciontóirí, lean an Garda Síochána ag oibriú leis an tSeirbhís Phromhaidh, an tSeirbhís Phríosúin agus an Roinn Dlí agus Cirt faoi fhoghrúpaí éagsúla lena chinntiú go ndéantar ciontóirí ardriosca a bhainistiú go cuí. Tá struchtúir rialachais i dtaobh bainistíocht ógchiontóirí agus ciontóirí fásta á measúnú faoi láthair agus tá breithniú á dhéanamh ar chuspóirí Oifig Bainistíochta Ciontóirí thiomnaithe, agus ar struchtúir agus ar eispéiris in eagraíochtaí póilíneachta eile. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Cumasóir: Rannpháirtíocht**<br><br>**E3.1 Leanúint le hidirchaidreamh dhá bhealach comhpháirtithe náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil, éisteacht le, riachtanais ár bpobal a thuiscint.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Lean an Garda Síochána lenár n-idirchaidreamh dhá bhealach a neartú trí thabhairt faoi roinnt mhaith idirchaidrimh i gcaitheamh na bliana, i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, agus cleachtas sábháilteachta pobail á spreagadh fad a bhíothas ag éisteacht le riachtanais ár bpobal agus iad a thuiscint. Scaipeadh agus comhairle ar chosc na coireachta freisin trí achainíocha ar an teilifís, an raidió agus sna meáin shóisialta, e.g. Crime Call, an raidió áitiúil, Instagram an Gharda Síochána etc. i rith 2022.<br><br>Sheol an Garda Síochána an Straitéis um Shábháilteacht Tuaithe 2022-2024 i rith 2022, ar cáipéis í ina dtugtar cuntas ar thosaíochtaí agus gníomhartha chun feabhas a chur ar sábháilteacht i gceantair thuaithe. Thit seoladh na straitéise amach i gcomhthráth le hAip Réadmhaoine an Gharda Síochána, aip ghuthán póca do mhargaíocht réadmhaoine a chabhraíonn le tuairisciú a éascú i gcásanna ina bhféadfadh gur goideadh earraí. Cuireadh cur chuige comhoibritheach chun cinn freisin le hAoisbhá Éireann, cosúil le tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre agus tionscnaimh eile a forbraíodh go háitiúil. Forbraíodh Clár Daoine Breacaosta i Roinn Mhaigh Eo le sonraí cuimsitheacha faoi láthair chónaitheoirí breacaosta agus leochaileacha a bhailiú trí shuirbhé digiteach a chuirtear chun feidhme ar Ghléasanna Soghluaisteachta an Gharda Síochána. Tá comhaltaí an Gharda Síochána in ann teacht ar an gclár agus an léarscáil seo fad a bhíonn siad ag patrólú chun cabhrú le buaileadh isteach chuig daoine breacaosta a shainaithnítear mar dhaoine leochaileacha. Lean cláir scoileanna fud fad na tíre, a spreag teachtaireachtaí sábháilteachta ar bhóithre agus i rith saoirí poiblí. |

## SEIRBHÍSÍ TRASEAGRAÍOCHTA

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Colún: Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe**<br><br>**5.1 An Cumas agus an Acmhainn Athraithe sa Gharda Síochána a fheabhsú tríd an bPlean um Fhorbairt Acmhainní Bainistíochta Athruithe a chur i bhfeidhm.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Dhá phríomhghné den Phlean um Fhorbairt Acmhainní Bainistíochta Athruithe iad Líonra Tacaíochta d'Athrú agus Sraith Straitéisí Tacaíochta d'Athrú a fhorbairt agus a sheoladh.<br><br>Forbraíodh Sraith Straitéisí Tacaíochta d'Athrú, teimpléid, uirlisí, noda agus leideanna ar conas is fearr athrú a bhainistiú sa Gharda Síochána. Tacóidh é seo leis an bpearsanra athrú san eagraíocht a thuiscint, ullmhú dó, agus an t-athrú sin a leabú agus a chothú. Anuas air sin, rinneadh struchtúir do Líonra Tacaíochta d'Athrú a fhorbairt agus a fhaomhadh. Soláthróidh an líonra seo cur chuige caighdeánaithe chun tacú le cumarsáid, aiseolas agus tacaíocht áitiúil níos fearr do thionscnaimh athraithe. Bainfear triail phíolótach as an tsraith straitéisí agus an líonra araon in 2023. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Colún: Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe**<br><br>**5.2 Straitéis Nuálaíochta an Gharda Síochána a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ar aon dul le Straitéis Nuálaíochta na hEarnála Poiblí.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC GO PAIRTEACH | Tá gach gné den nuálaíocht ar bun sa Gharda Síochána, ach níl aon straitéis uileghabhálach i bhfeidhm chun tacú le nuálaíocht ar fud na heagraíochta.<br><br>Chun eolas a chur ar fáil dár gcur chuige chun Straitéis Nuálaíochta a fhorbairt, tugadh faoi thaighde maidir le conas a shaothraigh fórsaí póilíneachta eile smaointe nuálacha agus conas a rinne siad breithniú ar thaighde acadúil agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta. Fuarthas tacaíocht sheachtrach chun an straitéis a fhorbairt go déanach in 2022 agus comhaontaíodh le cur chuige i leith forbartha. Tá súil leis go gcuirfear an straitéis seo i gcrích agus go dtosófar lena cur i bhfeidhm in 2023. |
| **Colún: Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe**<br><br>**5.3 Cumas an Gharda Síochána a fhorbairt chun acmhainní a bhainistiú go straitéiseach.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC GO PAIRTEACH | Leanadh le gníomhartha ilbhliana a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar chórais agus struchtúir bhainistíochta airgeadais don Gharda Síochána leanúnach i rith 2022. D'imir brath seachtrach agus srianta ar acmhainn tionchar ar dhul chun cinn go dtí seo.<br>Tugadh faoi chleachtadh Acmhainn Phleanála Lucht Saothair don Fheidhm Airgeadais agus Sholáthair. Sainaithníodh bearnaí suntasacha acmhainní agus beidh acmhainní breise ag teastáil.<br><br>Tá idirichaidreamh ar bun leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le struchtúr do bhuiséadú ilbhliantúil. Rinneadh modheolaíocht a bheartaítear chun an phóilíneacht a chostáil a athbhreithniú agus a roinnt le páirtithe leasmhara. Tá Ordlathas Córais Airgeadais an Ionaid Chostas, ar a mbunófar costáil gníomhaíochta amach anseo, á athstruchtúrú ar aon dul leis an tSamhail Oibriúcháin. Táthar ag tabhairt faoi athbhreithniú ar shonraí gníomhaíochta an Chórais Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS) lena thuiscint conas is féidir leis eolas a sholáthar do chostáil na póilíneachta. Cuireadh ainm leis na próisis scoir, a cheadóidh stop a chur le Foirm pháipéir A85 a úsáid. Tosóidh seo an próiseas ina gcuirfear deireadh le Foirm pháipéir A85 a úsáid fad a leantar le RDMS a thabhairt isteach san eagraíocht.<br><br>Forbraíodh Dréachtmheabhrán Tuisceana (MT) idir an Garda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt, agus Oifig na nOibreacha Poiblí chun tacú le bainistíocht stáisiúin Ghardaí agus gnéithe eile d'eastát an Gharda Síochána, atá ar aon dul le straitéisí póilíneachta fadtéarmacha. Tá plé á dhéanamh le OOP ar dhréachtphlean caipitil a cuireadh ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta don tréimhse ó 2022 go 2030, a dhéanann oibreacha a ailíniú le cistiú caipitil.<br><br>Tá an Plean Corparáideach Soláthair á fhorbairt, agus tá súil leis go gcríochnófar é in 2023. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Colún: Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe**<br><br>**5.4 Plean inbhuanaitheachta comhshaoil trí bliana a fhorbairt, a chuireann leis an dul chun cinn a rinneadh cheana féin, le spriocanna a bhaint faoi Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil an Rialtais.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC GO PAIRTEACH | Bunaíodh grúpa oibre in 2022 chun measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí reatha san eagraíocht atá ag tacú le hinbhuanaitheacht. Ba léir, tríd an obair faoina dtugann an grúpa seo, gur cheart don Gharda Síochána a lorg forbairt ár bplean inbhuanaitheachta comhshaoil a ailíniú le plean na Roinne Dlí agus Cirt. Ní raibh sé indéanta forbairt phlean inbhuanaitheachta comhshaoil an Gharda Síochána a thabhairt chun críche in 2022 agus cuirfear an obair seo chun cinn in 2023.<br><br>Leanann an Garda Síochána le roinnt tionscnaimh choigilte fuinnimh a thabhairt chun cinn, ar aon dul le Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 de chuid na hEarnála Poiblí, gluaisteáin leictreacha Phatróil an Gharda Síochána a thabhairt isteach, bonneagar luchtaithe ábhartha a shuiteáil, agus stáisiúin Ghardaí a athchóiriú le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ina measc |
| **Cumasóir: Daoine agus Cuspóir**<br><br>**E1.1 Ár gcumas Acmhainní Daonna a fheabhsú, plean straitéiseach lucht saothair a fhorbairt chun tacú linn ár riachtanais lucht saothair amach anseo a shásamh.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Chríochnaigh an Garda Síochána Plean an Lucht Saothair a fhorbairt in 2022. Tacaíonn an plean seo leis an eagraíocht éileamh atá ag teacht chun cinn agus pleanáil don soláthar riachtanach acmhainní a mheasúnú go straitéiseach a theastaíonn leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí a dtugtar cuntas orthu i Ráiteas Straitéise 2022-2024 a shásamh. Déantar tuairisciú ar an bplean seo go ráithiúil leis an Údarás Póilíneachta chun cuntas a thabhairt ar dhul chun cinn in aghaidh príomhghníomhartha agus pleananna gearrthéarmacha amach anseo a dhoiciméadú ar aon dul le Plean an Lucht Saothair foriomlán. Tá próiseas bailíochtaithe cás gnó á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm le measúnú agus trédhearcacht chothrom i gcinnteoireacht maidir le riachtanais acmhainní daonna a chinntiú.<br><br>Tionóladh cruinnithe rialta Fheidhmeannacht an Gharda Síochána le hathbhreithniú a dhéanamh ar éileamh a bhfuiltear eolach air i rith 2022. Rinneadh cruinnithe le Coimisinéirí Cúnta agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lena riachtanais leanúnacha soláthair acmhainní a bhunú a thabhairt chun cinn i ráithe 3/4 2022.<br><br>Tá obair ar siúl go leanúnach le struchtúir bhainistíochta a thabhairt chun críche laistigh de limistéar na nAcmhainní Daonna atá ailínithe le struchtúir Shamhail Oibriúcháin níos fairsinge an Gharda Síochána. Rinneadh gnéithe den obair seo a athailíniú agus tá siad le tabhairt chun cinn in 2023, mar gheall ar shrianta ar acmhainneacht. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
| --- | --- |
| **Cumasóir: Daoine agus Cuspóir**<br><br>**E1.2 Forbairt lucht saothair a chur chun cinn ina léirítear agus ina gcuirtear pobail éagsúla na hÉireann san áireamh.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC GO PAIRTEACH | Tosaíodh clár píolótach Chlár Rochtana an Gharda Síochána i Samhain 2021 agus chríochnaigh na chéad rannpháirtithe a n-intéirneachtaí in 2022. Lorg an clár seo rannpháirtíocht daoine ó ghrúpaí dá ndearnadh tearcionadaíocht riamh anall, a cheadaigh dóibh intéirneacht íoctha a oibriú taobh le pearsanra an Gharda Síochána i limistéir éagsúla an Gharda Síochána.<br>Léiríodh ómós d'intéirnigh ag searmanas deiridh, agus chuir roinnt rannpháirtithe isteach ar an gclár Gardaí faoi Oiliúint agus ar chomórtais Státseirbhíse, rud a thugann an rath a bhí air le fios. Tá tuarascáil de cheachtanna a foghlaimíodh déanta d'eispéiris bhainisteoirí líne agus intéirneach le heolas a sholáthar do chur i bhfeidhm breise an chláir as seo amach.<br><br>Tá ullmhúcháin ar bun maidir le hionghlacadh breise intéirneach a earcú a thosóidh in 2023.<br><br>Eagraíocht phíolótach é an Garda Síochána do Ghníomh 16 de Shamhail Aibíochta Ár Seirbhís Phoiblí. Tá paca acmhainní chun tacú le heagraíochtaí seirbhíse poiblí comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a thabhairt chun cinn ar bhealach comhtháiteach agus éifeachtach á chur le chéile le sraith straitéisí phraiticiúil Éagsúlachta Sonraí do Bhainisteoirí Acmhainní Daonna státseirbhíse agus seirbhíse poiblí. Mar chuid de seo, tá an Garda Síochána ag lorg próifíl fhoriomlán éagsúlachta ár lucht saothair a chur san áireamh trí chomhpháirtíocht i dtionscnamh nuálach leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. |
| **Cumasóir: Daoine agus Cuspóir**<br><br>**E1.3 Leanúint de thionscnaimh na Straitéise Meabhairshláinte agus Folláine a thabhairt isteach.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Bhraith dul chun cinn tionscnamh faoin Straitéis Sláinte agus Folláine go mór ar na hacmhainní atá ag Oifig Náisiúnta Sláinte agus Folláine an Gharda Síochána. Cuireadh obair fhiúntach chun cinn i rith 2022, aip mhóibíleach a fhorbairt agus a sheoladh san áireamh le seirbhísí tacaíochta a thabhairt le fios do phearsanra an Gharda Síochána agus dá dteaghlaigh anuas ar bhreithnithe tráthúla sláinte. Rinneadh dul chun cinn suntasach, chomh maith, ar thriail phíolótach a bhaint as oiliúint ar Gharchabhair Mheabhairshláinte agus ar threoirlínte meanapáis a fhorbairt. Ceapadh bainisteoir sinsearach le hOifig Náisiúnta Sláinte agus Folláine an Gharda Síochána i nDeireadh Fómhair 2022, agus tá poist bhreise tacaíocht ag feitheamh le sannadh. |
| **Cumasóir: Daoine agus Cuspóir**<br><br>**E1.4 Straitéis Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a thacaíonn lenár bpearsanra an rath a bhaint amach ina róil.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC GO PAIRTEACH | Sholáthair an Sainghrúpa Athbhreithnithe ar Oideachas Earcaithe, Bealaí Iontrála agus Foghlaim agus Forbairt comhairle straitéiseach, agus rinne sé moltaí don Gharda Síochána maidir le limistéir atá buntábhachtach maidir le foghlaim agus forbairt a sholáthar san eagraíocht. Cuireadh tuarascáil ar mholtaí an ghrúpa agus dréachtstraitéis Oiliúna, Foghlama agus Forbartha faoi bhráid Fheidhmeannacht an Gharda Síochána go ndéanfaidh siad breithniú uirthi. Táthar le tabhairt faoi mheasúnacht tionchair chun tacú leis an eagraíocht cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is cuí an straitéis agus na moltaí a chur i bhfeidhm.<br>Braithfidh dul chun cinn ar mholtaí a nglactar leo a chur i bhfeidhm agus ar leithdháiltí buiséid do Choláiste an Gharda Síochána. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Cumasóir: Comhpháirtíochtaí**<br><br>**E2.2 Comhoibriú le speisialtóirí agus ceannairí smaoinimh, ollscoileanna agus moil taighde lenár seirbhís agus éifeachtacht a neartú.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Lenár seirbhís agus éifeachtacht a neartú, tá forbairt creata agus modheolaíochta á cur chun cinn ag an nGarda Síochána le dúshláin amach anseo don eagraíocht a shainaithint agus dul i ngleic leo. Ceadóidh barr feabhais a chur ar ár gcumas i limistéar na smaointeoireachta faoin todhchaí agus na fadbhreathnaitheachta straitéisí don Gharda Síochána ár dtuiscint a shaibhriú ar conas a imreoidh forbairtí amach anseo tionchar ar ár n-obair.<br>Fuarthas seirbhísí díoltóra in 2022 chun cur le gníomhaíochtaí san eagraíocht go dtí seo agus tacú le creat agus modheolaíocht a fhorbairt do smaointeoireacht faoin todhchaí.<br>Críochnófar an obair seo in 2023.<br><br>Tosaíodh le rannpháirtíocht chomh maith leis an Údarás Póilíneachta le féidearthacht tionscadal taighde a fhiosrú in 2023. Rinneadh gnéithe den tionscadail a scóipeáil, conas a d'fhéadfaí tabhairt faoi chomhoibriú, limistéir théamacha atá le breithniú, riachtanais fhéideartha bhuiséid, agus amlínte féideartha san áireamh. Cuirfear an obair seo chun cinn in 2023. |
| **Cumasóir: Comhpháirtíochtaí**<br><br>**E2.3 Leanúint le comhoibriú leanúnach a dhéanamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí sa Ríocht Aontaithe ar aon dul leis na paraiméadair a leagtar amach i gComhaontú Aistarraingthe an RA ón AE agus béim ar leith ar chomhar dlúth le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Lean an Garda Síochána le comhoibriú leanúnach a dhéanamh le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí sa Ríocht Aontaithe agus béim ar leith ar chomhar dlúth le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) i rith 2022. Leanann an Garda Síochána le cur le creataí reatha agus an éifeachtacht chomhchoiteann a mhéadú tríd an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann (JATF), ina bhfuil Grúpa Maoirseachta Straitéisí agus Grúpa Comhordúcháin Oibríochtaí.<br><br>D'éirigh le hoibríochtaí faoin Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann dul chun cinn a dhéanamh i gcaitheamh na bliana agus laethanta comhghnímh a chur ar bun le gach pobal a chosaint ó choireacht trasteorann, coireacht tuaithe, trádáil drugaí, coireacht airgeadais, calaois mháil agus gáinneáil ar dhaoine agus coireacht inimirce ina measc. D'éascaigh an comhoibriú seo idir forfheidhmiú dlí ar an dá thaobh den teorainn faisnéis a bhailiú agus chabhraigh sé, ar a uain sin, le himscrúduithe a thabhairt chun cinn. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Cumasóir: Rannpháirtíocht**<br><br>**E3.2 Úsáid an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail a mhéadú lenár dtuiscint ar conas mar a mheasann na pobail ar a bhfreastalaímid ár n-obair agus freagairtí cuí a fhorbairt.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Cuireann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar an eolas sinn ar dhearcthaí dhaonra na hÉireann ar an gcoireacht agus an phóilíneacht in Éirinn. Feabhsaíonn sé ár dtuiscint ar limistéir, cosúil leis na saghsanna coireachta ar mian leis an bpobal go dtugtar tús áite dóibh, eagla roimh choireacht agus íospairt agus conas a imríonn seo tionchar ar chaighdeán na beatha, agus dearcthaí faoi Ghardaí, maidir le cóireáil chothrom agus chomhionann.<br><br>Críochnaíodh agus foilsíodh tuarascáil iomlán an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2021 ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána an 29 Samhain 2022. Cuireadh tús athuair sa suirbhé seo le faisnéis a bhailiú ar bhonn aghaidh ar aghaidh tar éis na srianta sláinte poiblí a bhí i gceist in 2020 agus go luath in 2021.<br><br>Déanann méid an tsampla daoine fásta, 7,600 duine i gcás thuarascáil 2021, ionadaíocht náisiúnta ar bhunús aoise, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta.<br><br>Tugadh faoi deara i roinnt de na príomhthorthaí ó shuirbhé 2021 gurb ard i gcónaí d'iontaoibh as an nGarda Síochána (91%) agus go raibh 78% d'fhreagróirí sásta le seirbhísí an Gharda Síochána a soláthraíodh do phobail áitiúla. Lean méadú ag teacht ar líon na ndaoine a dúirt go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal (77%), éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht (72%), dea-bhainistithe (69%) agus nua-aimseartha agus céimnitheach (75%). Cuireadh tús le hobair ar shonraí a bhailiú don bhliain 2022. |
| **Cumasóir: Rannpháirtíocht**<br><br>**E3.3 Tabhairt faoi Iniúchadh ar Chultúr laistigh den Gharda Síochána agus a thorthaí a mheas agus freagairt dóibh.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Thit an dara Iniúchadh ar Chultúr an Gharda Síochána amach in 2022, agus foilsíodh na torthaí an 8 Meán Fómhair 2022. Scaipeadh suirbhé ar phearsanra an Gharda Síochána a lorg dearcthaí ar réimse ceisteanna, folláine, sásamh as post, maoirseacht, agus oscailteacht d'athrú eagraíochta san áireamh. I measc na dtorthaí, tugadh chun solais go spreagtar pearsanra an Gharda Síochána freastal ar phobail agus daoine a chosaint ó dhíobháil; tá an sásamh as post ard; agus tá iontaoibh mhéadaithe ann as ceannairí sinsearacha i gcomparáid leis an gcéad Iniúchadh ar Chultúr. Meastar go bhfuil easpa cothroime agus ceartas eagraíochta ann, áfach; agus tá an bhraistint i leith tacaíocht eagraíochta – an méid luacha a bhronnann an eagraíocht ar rannchuidiú daoine – faoi bhun an mheáin i measc Gardaí.<br><br>Tosaíodh obair le grúpaí fócais a eagrú ar fud na heagraíochta chun tacú le plean gníomhaíochta a fhorbairt chun freagairt do thorthaí an iniúchta, agus béim ar leith ar thuirse agus ar thacaíocht eagraíochta. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Cumasóir: Cumasú agus Iontaoibh**<br><br>**E4.1 Leanúint le feabhas a chur ar ghairmiúlacht i measc phearsanra an Gharda Síochána, Cearta Daonna agus cinnteoireacht eiticiúil a leabú.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Lean an Garda Síochána leis an gCód Eitice agus le Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána a leabú, trí oiliúint agus feasacht, chun feabhas a chur ar chinnteoireacht eiticiúil san eagraíocht. Tugtar cuntas i gCód Eitice an Gharda Síochána ar ghealltanais a bhaineann le seasamh leis an dlí le hionracas agus iomláine, meas a léiriú ar chumhachtaí, freagrachtaí agus beartas póilíneachta agus éagóir a thabhairt le fios.<br><br>Cabhraíonn Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána le pearsanra an Gharda Síochána cinntí feasacha a dhéanamh trí bhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis, rioscaí agus timpeallachtaí oibríochtúla, agus dul i gcomhairle le comhlachtaí pobail agus páirtithe leasmhara, cumhachtaí dlíthiúla a úsáid, agus nós imeachta agus cleachtas beartais. Cuireadh obair chun cinn in 2022 le hoiliúint athnuachana ríomhfhoghlama, spárálaithe scáileáin ríomhaire, agus meirgí a fhorbairt agus a thabhairt isteach ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána le feasacht a leabú.<br><br>Bunaíodh Grúpa Oibre Ceachtanna a Foghlaimíodh in 2022. Is é cuspóir an ghrúpa seo feasacht a chruthú ar na hiarmhairtí i leith an phearsanra nuair nach gcloítear leis an mbeartas. Forbraíodh an chéad sraith físeán, agus is é téama an chéad fhíseáin 'Úsáid mhíchuí Chórais an Gharda Síochána'.<br><br>Leanadh leis an gcúrsa oiliúna Dlí Póilíneachta agus Cearta Daonna in Éirinn, a fhorbairt i gcomhoibriú idir an Garda Síochána agus Ollscoil Luimnigh, a thabhairt isteach in 2022. Tá modúl an chúrsa micridhintiúr ar Leibhéal 8 ar cheann de na chéad chinn dá shamhail san Eoraip, agus cabhraíonn sé lena chinntiú go bhfuil feasacht ar dhlí agus ar nós imeachta ceart daonna, agus ar a gcuimsiú isteach i saghsanna éagsúla de bhreithnithe oibríochtúla.<br><br>Chríochnaigh 2000 pearsanra an Gharda Síochána an cúrsa faoi dheireadh 2022, agus tá pleananna ann go gcuirfear oiliúint ar 1000 pearsanra breise in 2023. Déanann físeáin ghearra a forbraíodh agus a scaipeadh orthu siúd a chríochnaigh an cúrsa, an oiliúint seo a leabú níos mó. Tugtar cuntas sna físeáin ar chás-staidéir éagsúla le feasacht ar chearta daonna a chur san áireamh a chothú. Foilsíodh Straitéis um Chearta Daonna 2022-2024 nua in 2022, i ndiaidh próiseas forleathan comhairliúcháin, agus leagtar amach ann réimse beart lena chinntiú go bhfuil seirbhís póilíneachta agus slándála atá dírithe ar chearta daonna á soláthar ag an eagraíocht. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| Cumasóir: **Cumasú agus Iontaoibh**<br><br>**E4.2 Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána a fheabhsú chun leanúint le gairmiúlacht iomláine a chur chun cinn ar fud a limistéar gnó.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Bunaíodh Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána i Samhain 2020 chun tacú le pearsanra an Gharda Síochána agus an eagraíocht tríd an bpearsanra a choimeád sábháilte ó leochaileacht do chaimiléireacht. Leanann seo ag cur le traidisiún póilíneachta le hionracas na heagraíochta.<br><br>Foilsíodh Comhphlean um Chur i bhFeidhm a forbraíodh i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, chun éifeacht a thabhairt do mholtaí a leagtar amach i dTuarascáil Chigireachta an Gharda Síochána “Bagairt na Caimiléireachta Inmheánaí a Chomhrac”, an 16 Meán Fómhair 2022. Tugtar cuntas sa phlean um chur i bhfeidhm ar dhul chun cinn suntasach a rinne Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána cheana féin ar dhul i ngleic le roinnt de na moltaí, agus leagadh amlínte soiléire amach dóibh siúd nach ndeachthas i ngníomh ina leith go fóill. Cheadaigh Coimisinéir an Gharda Síochána an Straitéis Frith-Éillithe 2022-2024.<br><br>Dhá phríomhphíosa oibre a tugadh chun cinn in 2022 iad Tástáil ar Mhí-Úsáid Substaintí (Drugaí Rialaithe) do phearsanra an Gharda Síochána agus Grinnfhiosrúchán Ionghairme a thabhairt isteach. Achtaíodh reachtaíocht chun tacú le tástáil ar mhí-úsáid substaintí san ionad oibre a thabhairt isteach, agus táthar ag feitheamh le go dtabharfaidh an Roinn Dlí agus Cirt na rialacháin chun críche. Tionóladh Grúpa Stiúrtha Grinnfhiosrúcháin Ionghairme Ardleibhéil chun cur i bhfeidhm na feidhme seo a thabhairt chun cinn.<br><br>Rinneadh plean suntasach um chur i bhfeidhm a dhréachtú, ina dtugtar brath, cosúil le soláthar acmhainní, TFC, agus reachtaíocht chun solais. |
| Cumasóir: **Cumasú agus Iontaoibh**<br><br>**E4.3 Próiseas láraithe a bhunú le cur i bhfeidhm moltaí neamhspleácha a rianú.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Tá aiseolas agus athbhreithniú sárluachmhar chun feabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána don phobal. Chun cabhrú lena chinntiú go ndéantar breithniú ceart ar na moltaí go léir a fhaightear, agus go gcuirtear i bhfeidhm iad nuair a ghlactar leo, rinne an eagraíocht urraitheoirí corparáideacha, téamacha agus sannta agus ar tugadh tús áite dóibh a chur le chéile maidir le gach moladh a ghabhann siar chomh fada le 2005.<br><br>Is ionann seo agus 2,389 moladh a fhaide le deireadh na bliana 2022, a meastar gur moltaí oscailte 1,073 díobh. Tá idirchaidreamh le húinéirí beartais le dul chun cinn a dheimhniú, nuair is infheidhme, ar siúl ar bhonn leanúnach. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **Cumasóir: Cumasú agus Iontaoibh**<br><br>**E4.4 Leanúint le samhail oibriúcháin nua an Gharda Síochána a thabhairt isteach.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Tá Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána ar cheann de na claochluithe is suntasaí faoinar tugadh i stair an Gharda Síochána. Is éard a bhaineann leis an tSamhail Oibriúcháin ná athstruchtúrú an Gharda Síochána ar leibhéil Náisiúnta, Réigiúnacha agus Roinne leis an eagraíocht a chumasú níos fearr póilíneacht phobail a sholáthar. Déanfaidh an tsamhail comhsheasmhacht mhéadaithe a sholáthar i measc seirbhísí póilíneachta ardchaighdeáin, an líon Gardaí túslíne a mhéadú agus seirbhís níos áitiúla a sholáthar do phobail freisin. Tá na nósanna imeachta go léir san eagraíocht á n-athbhreithniú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus a chinntiú go nglactar le cur chuige caighdeánach.<br><br>Tá struchtúir i bhfeidhm laistigh de Ranna chun próisis rialachais agus riaracháin a lárú.<br><br>Faoi dheireadh na bliana 2022, rinne sé roinn deireadh a chur le gnéithe uile struchtúr na Samhla Oibriúcháin nua, i.e. Limistéir Feidhme Rannpháirtíocht an Phobail, Coireachta, Dearbhaithe Feidhmíochta, agus Sheirbhísí Gnó a bhunú. Bunaíodh an Limistéar Feidhme Seirbhísí Gnó i bhformhór na ranna sa Gharda Síochána agus bunófar na Limistéir Feidhme eile i mbabhtaí i rith 2023 agus 2024. |
| **Cumasóir: Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise**<br><br>**E5.1 Leanúint le Fís Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide an Gharda Síochána a fhíorú trí 2022 Threochlár TFC 2022 a chur i bhfeidhm.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Lean tionscadail a dtugtar tús áite dóibh a sainaithníodh faoin Treochlár TFC, cosúil le córas SAFE (Seachadadh Ríomhchuidithe 2 - CAD2) an Gharda Síochána, Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS) agus Córas Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS) a thabhairt isteach le dul chun cinn a dhéanamh in 2022. Cuireadh CBUD chun feidhme in 10 Roinn agus i roinnt sainranna, agus cuireadh IMS chun feidhme in ocht Roinn faoi dheireadh na bliana 2022. Lean obair ar aghaidh ar CAD2 a fhorbairt chun ullmhú dá gcur i bhfeidhm i ráithe 1 2023.<br><br>Anuas air sin, thacaigh TFC leis an tSamhail Oibriúcháin a thabhairt isteach, Cearnóg Fhearchair a aistriú agus rinne siad ullmhúcháin maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a athrú ó bhonn a stiúradh, a chuir ar chumas na hÉireann a dhearbhú go raibh siad ullamh ó thaobh cúrsaí teicniúla de. D'éirigh le TFC Ionad Sonraí nua a bhunú freisin i rith 2022, a bheidh ina bhunchloch faoi nuachóiriú digiteach amach anseo sa Gharda Síochána.<br><br>Bhain na príomhdhúshláin i dtaobh an Treochlár TFC a chur i bhfeidhm i rith 2022 le srianta ar acmhainní agus ar chistiú a imríonn tionchar ar líon, scóip agus uainiú tionscadal, agus ar an luas ar ar féidir an fhís fhoriomlán Sonraí agus Teicneolaíochta TFC a fhíorú. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| Cumasóir: **Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise**<br><br>**E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Rinneadh dul chun cinn in 2022, in aghaidh an Phlean Gníomhaíochta Cáilíochta Sonraí, le feabhas a chur ar thrédhearcacht, comhsheasmhacht agus cáilíocht sonraí sa Gharda Síochána.<br><br>Thosaigh an Garda Síochána le Cláir Eolais Cáilíochta Sonraí a fhoilsiú ar bhonn míosúil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána. Tá an Clár Eolais Cáilíochta Sonraí dírithe ar fheabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le próisis cháilíochta sonraí sa Gharda Síochána. Cuireadh méadracht nua leis an gclár eolais i rith 2022. Seoladh córas nua láimhseála glaonna in 2022 le glaonna a chuireann comhaltaí an Gharda Síochána a bhfuil tacaíocht an GISC á lorg acu a éascú níos fearr. Rinneadh Athbhreithniú neamhspleách ar an gCreat Cáilíochta Sonraí a thabhairt chun cinn freisin in 2022, agus tá sé le críochnú go luath in 2023.<br><br>Fuarthas cead freisin le níos mó foirne a earcú le hIonad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána in 2023. |
| Cumasóir: **Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise**<br><br>**E5.3 Cumas gléasanna soghluaisteachta an Gharda Síochána a fheabhsú trí fheidhmchláir bhreise a fhairsingiú agus a n-úsáid a fhairsingiú.**<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | Leanadh le gléasanna móibíleacha líonraithe an Gharda Síochána a chur chun feidhme in 2022 anuas ar fheidhmchláir a chur chun feidhme chun tacú le pearsanra an Gharda Síochána ina róil. Rinneadh thart ar 12,000 gléas a chur chun feidhme san eagraíocht faoi dheireadh 2022.<br><br>Cuireadh bogearraí comhdhála cianda chun feidhme agus tá siad á n-úsáid anois agus tacaíonn siad le cruinnithe cianda bainistíochta, cruinnithe faisnéise, agus tacaíocht imscrúdaithe do Ghardaí túslíne. Seoladh Aip Réadmhaoine an Gharda Síochána, le réadmhaoin a rianú agus le cabhrú le tuairisciú nuair a thuairiscítear go bhfuil earraí a cuireadh i dtaifead goidte. Leanadh leis an gCóras Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS) a thabhairt isteach in 2022. Lean an córas Fógraí Muirir Sheasta leictreonacha de bheith ar an bpríomh-mhodh chun fógraí muirir a eisiúint, a chuir feabhas ar an am próiseála agus ar an soláthar do dhaoine a raibh muirir á ngearradh orthu. |